Anailís ar thionchair dháilte agus bhochtaineachta an phacáiste chánach/leasa shóisialaigh i gCáinaisnéis 2011 ar theaghlaigh

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nollaig 2011

1. Bealach cuir chuige

Déanann an doiciméad seo anailís ar phacáiste cánach/leasa shóisialaigh Cháinaisnéis 2011 le múnla cánach/sochair SWITCH. Déantar breithniú ann ar:

- thionchar dáilte an bhirt agus é bunaithe ar rangú na dteaghlach go léir i 10 ngrúpa atá ar cóimhéid, ón dream is boichte go dtí an dream is saibhre. Déantar breithniú ar na ceisteanna seo a leanas: an t-athrú céatadáin ar ioncam teaghlaigh, an t-athrú ioncaim comhiomlán, céatadán na dteaghlach a bhfuil tionchar aige orthu agus na hathruithe airgid thirim maidir leis na teaghlaigh a bhfuil tionchar aige orthu.
- an tionchar ar theaghlaigh de réir a) comhdhéanamh teaghlaigh agus b) stádas fostaíochta.
- Ar deireadh, tionchar na roghanna éagsúla cánach/leasa shóisialaigh ar an ráta baol bochtaineachta agus ar an mbearna bhochtaineachta. Tugtar neamhaird ar an tionchar seo de réir aoise (leanaí, aois oibre, daoine scothaosta) agus de réir inscne.

Is beartas ó 2010 é an beartas comparadóra atá innéacsaithe de réir treochtaí pá le haghaidh 2011 (lúide aon faoin gcéad). Meastar an 'cháinaisnéis neodrach' seo a bheith ar an gceann is fearr chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an bheartais, fad is a chuirtear treochtaí ioncaim sa gheilleagar le haghaidh 2011 san áireamh.

Ar deireadh, is í 2011 an tréimhse le haghaidh na hanailíse go léir, rud a léiríonn treochtaí réamhaisnéise maidir le fostaíocht, daonra agus ioncam teaghlaigh.

Is iad comhchodanna an phacáiste leasa shóisialaigh/chánach i gCáinaisnéis 2011 ná:

- Laghdú €10 ar rátaí sochar linbh (€20 le haghaidh an tríú leanbh)
- Laghdú €8 ar rátaí pearsanta leasa shóisialaigh do dhaoine in aois oibre (LLS €10)
- Laghdú €5.30 ar rátaí MDFC le haghaidh aois oibre
- Laghdú 10 faoin gcéad ar chreidmheasanna cánach
- Laghdú 10 faoin gcéad ar bhandaí cánach
- cumasc tobhach agus rátaí/bandaí nua
- deireadh leis an uasteorainn ÁSPC
- méadú ar an ráta ÁSPC le haghaidh daoine féinfhostaithe ó 3% go 4%
- athrú ar chóireáil ranníocaíochtaí pinsin (uasteorainn agus tobhaigh)

2. Coigilteas

Léiríonn Tábla 1 an coigilteas atá measta ag SWITCH ó na bearta éagsúla agus an figiúr comhiomlán. Is ionann iad seo agus beagán níos lú ná €1,600 milliún i gcomhcheangal le beartas 2010 atá innéacsaithe de réir pá, i gcomparáid le cás nach

bhfuil aon athrú ar bheartas i gceist leis ar luach iomlán €1,873 milliún (colún 1). Is é an miondealú idir na comhchodanna cánach agus leasa shóisialaigh i gCáinaisnéis 2011 ná 84 faoin gcéad ar cháin agus 16 faoin gcéad ar leas sóisialach. Maidir le leas sóisialach, coiglíonn laghduithe ar an ráta leasa shóisialaigh €165 milliún agus tá €119 milliún á choigilt le laghduithe sochar linbh. Is í cáin ioncaim an príomhbheart cánach atá i gceist, rud a sholáthraíonn €1,170 milliún. Tá €170 milliún breise á fháil ó thabhairt isteach an MSU (USC) agus ó dheireadh a bheith curtha leis an uasteorainn ÁSPC. Rud amháin nach bhfuil ar taispeáint sa ríomh ná an toradh ar athruithe ar chóireáil chánach pinsean, méid arb ionann é agus €220 milliún breise, nach mór.

Tábla 1: Coigilteas ón mbeartas cánach/leasa shóisialaigh a díorthaíodh ó SWITCH (€m)

Mír	Coigilteas
sochar linbh	118.5
FIT	-19.9
leas sóisialach	165.3
coigeartú PSP	-3.7
leas sóisialach iomlán	*260.2*
cáin	1168.4
tobhaigh	168.7*
tobhach pinsin	-6.5
cáin iomlán	*1330.7*
leas sóisialach agus cáin iomlán	***1590.9***
leas sóisialach mar iomlán %	16%
cáin mar iomlán %	84%

* tá toradh breise €220 milliún ann ó athruithe ar chóireáil chánach na bpinsean

3. Tionchar dáilte an phacáiste cánach/leasa shóisialaigh i gCáinaisnéis 2011

Ar an gcéad dul síos, breathnaímid ar thionchar dáilte an phacáiste i gCáinaisnéis 2011.

- Is é an caillteanas meánach ioncaim ag teaghlaigh sa phacáiste cánach/leasa shóisialaigh ná 2.3 faoin gcéad nó thart ar €13 in aghaidh na seachtaine.

- Tá na caillteanais chéatadáin is mó sa deicíl íochtair agus sa 9^{ú} deicíl, ag 3 faoin gcéad (€7 go €11 in aghaidh na seachtaine). Tá caillteanais eile os cionn an mheáin sa 2^{ú}, 5^{ú}, 6^{ú} agus 8^{ú} deicíl ag thart ar 2.5 faoin gcéad.

- Tá na caillteanais is lú i ndeicílí 3, 4 agus 10 ag 2 faoin gcéad nó níos lú. Léiríonn an toradh seo coinneáil an phinsin stáit ar an ráta atá ann faoi láthair ar láimh amháin (3^{ú} agus 4^{ú} deicíl) agus tabhairt isteach an MSU, ar an láimh eile, rud atá chun sochair na deicíle uachtair.

Tá na sonraí ar taispeáint i bhformáid tháblach i dtábla 2 thíos.

Diagram 1: Tionchar dáilte an phacáiste chánach/leasa shóisialaigh i gCáinaisnéis 2011
(caillteanas céatadáin de réir deicíl ioncaim; i gcomparáid leis an mbeartas innéacsaithe)



Tábla 2: Tionchar dáilte an phacáiste chánach/leasa shóisialaigh Cáinaisnéise
(caillteanas céatadáin de réir deicíl ioncaim;
i gcomparáid le fágáil an bheartais mar atá sé agus beartas innéacsaithe)

Deicílí	Caillteanais
<194	-2.9
<236	-2.5
<286	-1.2
<339	-2.0
<393	-2.7
<452	-2.7
<519	-2.1
<605	-2.4
<735	-3.0
>735	-1.9
gach rud	-2.3

Cailleann iomlán 2 mhilliún teaghlach airgead faoi Cháinaisnéis 2011, líon arb ionann é agus 87 faoin gcéad den daonra iomlán (diagram 2). Cailleann sciar beag teaghlach sna ceithre dheicíl íochtair airgead, go háirithe sa 3ú deicíl, áit nach gcailleann ach leath de na teaghlaigh airgead. Sna deicílí eile go léir, cailleann breis is 90 faoin gcéad de na teaghlaigh airgead, líon a ardaíonn go dtí 100 faoin gcéad sa 9ú deicíl.

Diagram 2: Líon na dteaghlach a chailleann airgead faoi Cháinaisnéis 2011
(sciar céatadáin de réir deicíl ioncaim)



Is é an glantoradh ar an mbeartas cánach/leasa shóisialaigh ná €1,591 milliún. Taispeánann Diagram 3 dáileadh an toraidh chomhiomláin seo de réir deicíl ioncaim. Tagann 20 faoin gcéad den iomlán seo ón gceithre dheicíl íochtair. I gcodarsnacht leis seo, íocann an dá dheicíl is saibhre aon trian den choigilteas iomlán. Íocann na cinn atá fágtha, ón 5ú go dtí an 8ú deicíl, íocann siad 46 faoin gcéad den iomlán, méid atá beagán níos mó ná sciar pro rata.

Diagram 3: Dáileadh thoradh iomlán an phacáiste chánach/leasa shóisialaigh
(sciar céatadáin de réir deicíl ioncaim)



4. Tionchar ar bhochtaineacht

Déanaimid machnamh anois ar thionchar an phacáiste chánach/leasa shóisialaigh ar dhaoine i mbaol bochtaineachta. Tá an tairseach baol bochtaineachta (60 faoin gcéad den ioncam meánlíne) measta a bheith ar ráta €252 do dhuine fásta in aghaidh na seachtaine. Seo laghdú 2 faoin gcéad i gcomparáid le beartas innéacsaithe 2010. Laghdódh ísliú na tairsí an ráta baol bochtaineachta, mura n-athrófaí rud ar bith eile.

Tá tionchar an bheartais nua ar an ráta bochtaineachta ar taispeáint i ndiagram 4. Titeann an ráta bochtaineachta i measc an daonra iomláin leathphointe céatadáin ar bheartas innéacsaithe 2010, rud atá ar cóiméid le laghdú 3 faoin gcéad. Tá titim tagtha ar an ráta bochtaineachta i measc na ngrúpaí saolré go léir agus tá an titim is mó ann i measc daoine scothaosta ar ráta dhá phointe céatadáin nach mór (dhá thrian i dtéarmaí céatadáin). Tá na torthaí i measc daoine in aois oibre agus leanaí i gcomhréir leis an laghdú foriomlán ar an ráta bochtaineachta.

Diagram 4: Tionchar an bheartais chánach/leasa shóisialaigh ar an ráta baol bochtaineachta

(ráta bochtaineachta agus athrú % i gcomparáid le beartas innéacsaithe 2010)



5. Tionchar dáilte an phacáiste chánach/leasa shóisialaigh i gCáinaisnéisí 2009-2011

Féachaimid anseo ar thionchar carnach an phacáiste chánach/leasa shóisialaigh ar fud na gceithre Cháinaisnéis i rith na tréimhse 2009-2011, i gcomparáid le beartas innéacsaithe 2008.

Tugann Tábla 3 achoimre ar an gcoigilteas ón bpacáiste comhcheangailte. Tarlaíonn na bearta cánach/leasa shóisialaigh a tugadh isteach sna ceithre Bhuiséad €5,336 milliún i gcomparáid le beartas atá innéacsaithe de réir pá. Tá príomh-eilimintí an choigiltis ó na beartais chomhcheangailte ann mar gheall ar mhéaduithe cánach (80 faoin gcéad) i gcomparáid le laghduithe leasa shóisialaigh (20 faoin gcéad). Ina theannta sin, is é an laghdú ar phá na hearnála poiblí an phríomh-eilimint den choigilteas leasa shóisialaigh. Tá na hathruithe leasa shóisialaigh neodrach ar an iomlán. Ó thaobh na cánach de, is iad na príomhfhoinsí ioncaim atá ann ná na tobhaigh ioncaim éagsúla agus an tobhach pinsin. Níl aon athrú ar ghnáthcháin ioncaim.

Tábla 3: Coigilteas ón mbeartas cánach/leasa shóisialaigh a díorthaíodh ó SWITCH (€m)

Beartas comhcheangailte thar innéacsú	**Beartas innéacsaithe 2008**
sochar linbh	294.4
FIT	-90.1
leas sóisialach	-294.0
coigeartú PSP	1,160.0
leas sóisialach iomlán	*1,070.0*
cáin	23.0
tobhaigh	3105.0
tobhach pinsin	1183.9
cáin iomlán	*4,265.9*
leas sóisialach agus cáin iomlán	***5,336.1***
leas sóisialach mar iomlán %	20%
cáin mar iomlán %	80%

Tá cur síos ar thionchar dáilte na gceithre Bhuiséad i ndiagram 2. Is iad na príomhthorthaí ná:

- Is é an caillteanas meánach ioncaim ag teaghlaigh i gCáinaisnéisí 2009-2011 ná beagnach 7 faoin gcéad nó thart ar €43 in aghaidh na seachtaine.

- Ní chailleann dhá dheicíl aon airgead sa phacáiste: an 2^{ú} agus an 3^{ú} deicíl. Amach uathu sin, cailleann an deicíl íochtair agus na seacht ndeicíl uachtair go léir airgead.

- Maidir leis an 70 faoin gcéad uachtarach de na teaghlaigh, ardaíonn an caillteanas ioncaim go forásach ó 3.5 go dtí 11 faoin gcéad (€17 go dtí €160 in aghaidh na seachtaine).

- Cailleann an deicíl íochtair 5 faoin gcéad, go príomha mar gheall ar an laghdú ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh do dhaoine faoi bhun 25 bliain d'aois.

Tá na sonraí ar taispeáint i bhformáid tháblach i dtábla 2 thíos.

Diagram 5: Tionchar dáilte an phacáiste chánach/leasa shóisialaigh i gCáinaisnéis 2009-2011
(caillteanas céatadáin de réir deicíl ioncaim; i gcomparáid le beartas innéacsaithe)



Tábla 4: Tionchar dáilte Cháinaisnéisí 2009-2011
(caillteanas céatadáin de réir deicíl ioncaim, i gcomparáid le beartas innéacsaithe 2008)

Deicílí	***Tionchar***
<188	-4.87
<231	-0.53
<284	0.93
<347	-3.42
<403	-4.75
<469	-5.79
<542	-6.33
<637	-7.28
<778	-8.93
>778	-10.68
Gach duine	*-6.73*

6. Tionchar Cháinaisnéisí 2009-2011 ar bhochtaineacht

Déanaimid breithniú anois ar thionchar Cháinaisnéisí 2009-2011 ar an mbaol bochtaineachta. Tá an tairseach baol bochtaineachta (60 faoin gcéad den ioncam meánlíne) measta a bheith ar ráta €252 do dhuine fásta in aghaidh na seachtaine. Seo laghdú 5 faoin gcéad i gcomparáid le beartas innéacsaithe 2010 (€265). Laghdódh ísliú na tairsí an ráta baol bochtaineachta, mura n-athrófaí rud ar bith eile.

Tá tionchar an bheartais nua ar an ráta bochtaineachta ar taispeáint i ndiagram 6. Titeann an ráta bochtaineachta i measc an daonra iomláin ar ráta trí phointe céatadáin ar bheartas innéacsaithe 2010, rud atá ar cóimhéid le laghdú 16 faoin gcéad. Titeann an ráta bochtaineachta i measc na ngrúpaí saolré go léir agus tá an titim is mó ann i measc daoine scothaosta ar ráta 16 phointe céatadáin (94 faoin gcéad) nach mór. Tá

na torthaí i measc daoine in aois oibre i gcomhréir leis an laghdú foriomlán ar an ráta bochtaineachta. Tá an laghdú is lú ar an ráta bochtaineachta i measc leanaí agus 1.5 pointe céatadáin i gceist. Tá sé seo ar cóimhéid le laghdú 6 faoin gcéad.

Diagram 6: Tionchar bheartas Cháinaisnéisí 2009-2011 ar an ráta baol bochtaineachta

(titim iomlán ar an ráta bochtaineachta agus athrú % i gcomparáid le beartas innéacsaithe 2008)



CRÍOCH